



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Meán Fómhair 2020
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2020/0265 (COD)

11053/20
ADD 1

EF 231
ECOFIN 849
CODEC 873
IA 63

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	24 Meán Fómhair 2020
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2020) 593 final
Ábhar:	IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann leis an Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le Margaí i gcriptea-shócmhainní, agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na hiarscríbhinní a ghabhann leis an doiciméad COM(2020) 593 final.

Faoi iamh: Iarscríbhinní a ghabhann le COM(2020) 593 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 24.9.2020
COM(2020) 593 final

ANNEXES 1 to 6

IARSCRÍBHINNÍ

a ghabhann leis an

**Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN
gCOMHAIRLE**

maidir le Margáí i gcriptea-shócmhainní, agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937

{SEC(2020) 306 final} - {SWD(2020) 380 final} - {SWD(2020) 381 final}

IARSCRÍBHINN I: Páipéar bán maidir le cripteá-shócmhainní le haghaidh eistitheoirí cripteá-shócmhainní – íosmhéid inneachair

Cuid A: Faisnéis ghinearálta maidir leis an eistitheoir

1. Ainm an eistitheora;
2. Seoladh poist cláraithe;
3. Dáta an chláraithe;
4. Aitheantóir an eintitis dhlítheanaigh;
5. I gcás inarb infheidhme, an grúpa gnóthas lena mbaineann an t- eistitheoir;
6. Aitheantas, seoladh agus feidhmeanna na ndaoine a bhaineann le comhlacht bainistíochta an eistitheora;
7. An ráiteas dá dtagraítear in Airteagal 5(5);
8. Coinbhleachtaí leasa féideartha;
9. Sonraí faoi chuntas teiste airgeadais an eistitheora le 3 bliana anuas nó i gcás nach bhfuil an t- eistitheoir bunaithe le 3 bliana anuas, cuntas teiste airgeadais an eistitheora ón dáta ar cláraíodh é. I gcás ina mbaineann an tairiscint le comharthaí fónais ar féidir iad a mhalartú go héifeachtach le táirge nó seirbhís tráth a eisiúna, beidh díolúine ag an eistitheoir ón gceanglas sin.

Cuid B: Faisnéis maidir leis an tionscadal

1. Ainm an tionscadail nó na gcripteá-shócmhainní (más difriúil ó ainm an eistitheora);
2. Sonraí na ndaoine nádúrtha nó na ndaoine dlítheanacha go léir (lena n- áirítear seoltaí agus/nó sainchónaí na cuideachta) a bhfuil baint acu le cur chun feidhme an tionscadail, cuir i gcás comhairleoirí, an fhoireann forbartha agus soláthraithe seirbhísí cripteá-shócmhainní;
3. Tuairisc ar na cúiseanna le cripteá-shócmhainní a eisiúint;
4. I gcás ina mbaineann tairiscint cripteá-shócmhainní don phobal le comharthaí fónais, príomhghnéithe na dtáirgí nó na seirbhísí a forbraíodh nó atá le forbairt;
5. Faisnéis faoi eagrú an tionscadail, lena n- áirítear an tuairisc ar gharspriocanna an tionscadail a baineadh amach cheana féin agus atá le baint amach sa todhchaí agus, i gcás inarb infheidhme, na hacmhainní a leithdháileadh don tionscadal cheana féin;
6. I gcás inarb infheidhme, faisnéis faoi úsáid bheartaithe na gcistí;
7. Ach amháin comharthaí fónais, na costais a bhaineann le cripteá-shócmhainní a thairiscint don phobal.

Cuid C: Faisnéis faoi chripteá-shócmhainní a thairiscint don phobal nó faoina ligean isteach chun a dtrádála ar ardán trádála le haghaidh cripteá-shócmhainní

1. Léiriú an mbaineann an páipéar bán maidir le cripteá-shócmhainní a thairiscint don phobal nó le cripteá-shócmhainní a ligean isteach chun a dtrádála ar ardán trádála le haghaidh cripteá-shócmhainní, nó leis an dá rud;
2. I gcás inarb infheidhme, an méid atá beartaithe a thiomsú leis an tairiscint in airgeadra fiat nó in aon chripteá-shócmhainn eile. I gcás inarb infheidhme, aon chaidhp bhog (an t- íosmhéid is gá chun an tionscadal a chur i gcrích) nó caidhp

chrua (an t- uasmhéid a thairgfear don phobal) arna socrú maidir le criptea-shócmhainní a thairiscint don phobal;

3. Pragas eisiúna na criptea-shócmhainne arna tairiscint (in airgeadra fiat nó in aon chriptea-shócmhainní eile);
4. I gcás inarb infheidhme, líon iomlán na gcriptea-shócmhainní a thairgfear agus/nó a ligfear isteach chun a dtrádála ar ardán trádála le haghaidh criptea-shócmhainní;
5. Léiriú ar na sealbhóirí/ceannaitheoirí ar a ndírítear trí na criptea-shócmhainní a thairiscint don phobal agus/nó trí na criptea-shócmhainní sin a ligean isteach chun a dtrádála, lena n- áirítear aon teorainn maidir leis an gcineál ceannaitheoirí nó sealbhóirí i gcomhair criptea-shócmhainní den sórt sin;
6. Sainfhógra go mbeidh ceannaitheoirí a ghlacann páirt i dtairiscint criptea-shócmhainní don phobal ábalta a ranníocaíocht a fháil ar ais mura mbainfear amach an chaidhp bhog (an t- íosmhéid is gá chun an tionscadal a chur i gcrích) faoi dheireadh thréimhse na tairisceana don phobal nó má chuirtear an tairiscint ar ceal, chomh maith le tuairisc mhionsonraithe ar an sásra aisíocaíochta, lena n- áirítear an amlíne ionchais ina ndéanfar na haisíocaíochtaí sin;
7. Faisnéis faoi thréimhsí éagsúla na tairisceana le haghaidh criptea-shócmhainní, lena n- áirítear faisnéis faoi phraghas ceannaigh lascainithe i gcomhair ceannaitheoirí luatha criptea-shócmhainní (díolacháin réamhphoiblí);
8. Le haghaidh tairiscintí lena mbaineann teorainn ama, an tréimhse suibscríbhíne a mbeidh an tairiscint oscailte don phobal lena linn agus na socruithe chun cistí nó criptea-shócmhainní eile dá dtagraítear in Airteagal 9 a chosaint;
9. Modhanna íocaíochta chun na criptea-shócmhainní arna dtairiscint a cheannach;
10. I gcás criptea-shócmhainní, seachas comharthaí sócmhainn- tagartha nó comharthaí ríomh- airgid, faisnéis faoin gceart chun tarraingt siar dá dtagraítear in Airteagal 12;
11. Faisnéis faoin modh agus faoin sceideal ama a úsáidfear chun na criptea-shócmhainní arna gceannach a aistriú chuig na sealbhóirí;
12. I gcás inarb infheidhme, ainm an tsoláthraí seirbhísí criptea-shócmhainní atá i gceannas ar shocrú criptea-shócmhainní agus ar an gcineál socrúcháin (ráthaithe nó neamh- ráthaithe);
13. I gcás inarb infheidhme, ainm an ardáin trádála le haghaidh criptea-shócmhainní ina bhfuiltear ag iarraidh go ligfí isteach iad chun a dtrádála;
14. An dlí is infheidhme maidir le criptea-shócmhainní a thairiscint don phobal, chomh maith leis na cúirteanna inniúla.

Cuid D: Na cearta agus na hoibleagáidí a bhaineann le criptea-shócmhainní

1. An ráiteas dá dtagraítear in Airteagal 5(6);
2. Tuairisc ar thréithe agus feidhmiúlacht na gcriptea-shócmhainní arna dtairiscint nó arna ligean isteach chun a dtrádála ar ardán trádála le haghaidh criptea-shócmhainní, lena n- áirítear faisnéis faoi cathain atá sé beartaithe na feidhmiúlachtaí a chur i bhfeidhm;
3. Tuairisc ar chearta agus oibleagáidí an cheannaitheora (más ann dóibh), agus an nós imeachta chun na cearta sin a fheidhmiú agus na coinníollacha lena mbaineann;

4. I gcás inarb infheidhme, faisnéis faoi thairiscintí criptea-shócmhainní amach anseo ag an eisitheoir agus ar líon na gcriptea-shócmhainní a choinneoidh an t- eisitheoir féin;
5. I gcás ina mbaineann tairiscint criptea-shócmhainní nó ligean isteach chun a dtrádála ar ardán trádála le haghaidh criptea-shócmhainní le comharthaí fónais, faisnéis faoi cháilíocht agus cainníocht na dtáirgí agus/nó na seirbhísí ar a dtugtar rochtain leis na comharthaí fónais;
6. I gcás ina mbaineann tairiscintí criptea-shócmhainní don phobal nó ina n- iarrtar go ligfí isteach iad chun a dtrádála ar ardán trádála le haghaidh criptea-shócmhainní le comharthaí fónais, faisnéis faoin gcaoi ar féidir comharthaí fónais a fhuascailt le haghaidh na dtáirgí nó na seirbhísí lena mbaineann siad;
7. I gcás nach bhfuiltear ag iarraidh go ligfí isteach criptea-shócmhainn chun a dtrádála ar ardán trádála le haghaidh criptea-shócmhainní, faisnéis faoin gcaoi ar féidir na criptea-shócmhainní a fháil nó a dhíol tar éis na tairisceana don phobal;
8. Aon srianta ar inaistritheacht shaor na gcriptea-shócmhainní arna dtairiscint nó arna ligean isteach chun a dtrádála ar ardán trádála le haghaidh criptea-shócmhainní;
9. I gcás ina n- airbheartaítear go gcoinneodh na criptea-shócmhainní luach cobhsaí trí phrótacail chun an méid díobh a chuirtear ar fáil a laghdú nó a mhéadú mar fhreagairt ar athruithe san éileamh orthu, tuairisc ar fheidhmiú na bprótacal sin.

Cuid E: Faisnéis maidir leis an teicneolaíocht bhunúsach

1. Faisnéis maidir leis an teicneolaíocht a úsáidtear, lena n- áirítear an teicneolaíocht mórleabhar dáilte, na prótacail agus na caighdeáin theicniúla atá in úsáid;
2. Tuairisc ar idir- inoibritheacht an phrótacail fhorluitigh le prótacail eile;
3. An t- algartam comhthola, i gcás inarb infheidhme;
4. Sásraí dreasachta chun idirbhearta a urrú agus aon táillí is infheidhme;
5. I gcás ina ndéantar na criptea-shócmhainní a eisiúint, a aistriú agus a stóráil ar mhórleabhar dáilte arna oibriú ag an eisitheoir nó ag tríú páirtí a ghníomhaíonn ar a shon, tuairisc mhionsonraithe ar fheidhmiú an mhórleabhair dháilte sin;
6. Faisnéis ar thoradh iniúchta na teicneolaíochta a úsáidtear (más ann di).

Cuid F: Rioscaí

1. Tuairisc ar na rioscaí a bhaineann le heisitheoir criptea-shócmhainní;
2. Tuairisc ar na rioscaí a bhaineann le criptea-shócmhainní a thairiscint agus/nó a ligean isteach iad chun a dtrádála in ionad trádála le haghaidh criptea-shócmhainní;
3. Tuairisc ar na rioscaí a bhaineann le criptea-shócmhainní;
4. Tuairisc ar na rioscaí a bhaineann leis an tionscadal a chur chun feidhme;
5. Tuairisc ar na rioscaí a bhaineann leis an teicneolaíocht a úsáidtear chomh maith le bearta maolaithe (más ann dóibh).

Iarscríbhinn II: Faisnéis bhreise i ndáil le páipéir bhána maidir le criptea-shócmhainní le haghaidh eistitheoirí comharthaí sócmhainn- tagartha

Cuid A: Faisnéis ghinearálta maidir leis an eistitheoir

1. Tuairisc mhionsonraithe ar rialachas an eistitheora;
2. Ach amháin eistitheoirí comharthaí sócmhainn- tagartha atá díolmhaithe ó údarú i gcomhréir le hAirteagal 15(3), sonraí faoin údarú mar eistitheoir comharthaí sócmhainn- tagartha agus ainm an údaráis inniúil a thug an t- údarú sin.

Cuid B: Faisnéis maidir leis an tionscadal

1. Tuairisc ar ról, freagrachtaí agus cuntasacht aon eintiteas tríú páirtí dá dtagraítear in Airteagal 30(5), pointe (h).

Cuid D: Na cearta agus na hoibleagáidí a bhaineann leis na criptea-shócmhainní

1. Faisnéis faoi chineál agus in- fhorfheidhmitheacht na gceart, lena n- áirítear ceart fuascailte díri agus aon éilimh a d'fhéadfadh sealbhóirí agus aon duine dlítheanach nó duine nádúrtha dá dtagraítear in Airteagal 35(3) a dhéanamh ar na cúlsócmhainní nó i gcoinne an eistitheora, lena n- áirítear faisnéis faoin gcaoi a bpléifí leis na cearta sin i gcás nósanna imeachta dócmhainneachta;
2. I gcás inarb infheidhme, an ráiteas dá dtagraítear san fho- alt deireanach d'Airteagal 17(1);
3. I gcás inarb infheidhme, faisnéis faoi na socruithe arna gcur ar bun ag an eistitheoir chun leachtacht na gcomharthaí sócmhainn- tagartha a áirithiú, lena n- áirítear ainmneacha na n- eintiteas atá i gceannas ar an leachtacht sin a áirithiú;
4. Tuairisc ar an nós imeachta láimhseála gearán agus aon sásra réitigh díospóide nó nós imeachta sásaimh arna chur ar bun ag an eistitheoir comharthaí sócmhainn- tagartha.

Cuid F: Rioscaí

1. Rioscaí a bhaineann le luach na gcúlsócmhainní, lena n- áirítear rioscaí leachtachta;
2. Rioscaí a bhaineann le cumhdach na gcúlsócmhainní;
3. Rioscaí a bhaineann leis na cúlsócmhainní a infheistiú.

Cuid G: Cúlchiste sócmhainní

1. Tuairisc mhionsonraithe ar an sásra atá dírithe ar luach na gcomharthaí sócmhainn- tagartha a chobhsú, lena n- áirítear gnéithe dlíthiúla agus teicniúla;
2. Tuairisc mhionsonraithe ar na cúlsócmhainní agus ar a gcomhdhéanamh;
3. Tuairisc ar na sásraí trína ndéantar comharthaí sócmhainn- tagartha a eisiúint, a chruthú agus a scriosadh;
4. Faisnéis faoi cé acu a dhéantar cuid de na cúlsócmhainní a infheistiú nó nach ndéantar agus i gcás inarb infheidhme, tuairisc ar an mbeartas infheistíochta le haghaidh na gcúlsócmhainní;
5. Tuairisc ar na socruithe cumhdaigh maidir leis na cúlsócmhainní, lena n- áirítear leithscaradh sócmhainní, ainmneacha na n- institiúidí creidmheasa nó soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní arna gceapadh mar choimeádaithe.

Iarscríbhinn III: An páipéar bán is infheidhme maidir le heisitheoirí comharthaí ríomh- airgid – íosmhéid inneachair

Cuid A: Faisnéis ghinearálta maidir leis an eisitheoir

1. Ainm an eisitheora;
2. Seoladh poist cláraithe;
3. Dáta an chláraithe;
4. Aitheantóir an eintitis dhlítheanaigh;
5. I gcás inarb infheidhme, an grúpa gnóthas lena mbaineann an t- eisitheoir;
6. Aitheantas, seoladh agus feidhmeanna na ndaoine a bhaineann le comhlacht bainistíochta an eisitheora;
7. An ráiteas dá dtagraítear in Airteagal 46(4);
8. Coinbhleachtaí leasa féideartha;
9. Sonraí faoi chuntas teiste airgeadais an eisitheora le 3 bliana anuas nó i gcás nach bhfuil an t- eisitheoir bunaithe le 3 bliana anuas, cuntas teiste airgeadais an eisitheora ón dáta a cláraíodh é.
10. Ach amháin eisitheoirí ríomh- airgid a bhfuil díolúine acu ó údarú i gcomhréir le hAirteagal 43(2), sonraí faoin údarú mar eisitheoir comharthaí ríomh- airgid agus ainm an údaráis inniúil a thug an t- údarú sin.

Cuid B: Faisnéis maidir leis an tionscadal

1. Sonraí na ndaoine nádúrtha nó na ndaoine dlítheanacha go léir (lena n- áirítear seoltaí agus/nó sainchónaí na cuideachta) a bhfuil baint acu le dearadh agus forbairt, amhail comhairleoirí, an fhoireann forbartha agus soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní;

Cuid C: Faisnéis faoi chomharthaí ríomh- airgid a thairiscint don phobal nó a iarraidh go ligfí isteach iad chun a dtrádála

1. Léiriú ar c acu a bhaineann an páipéar bán le comharthaí ríomh- airgid a thairiscint don phobal i gcoitinne agus/nó iad a ligean isteach chun a dtrádála ar ardán trádála le haghaidh criptea-shócmhainní nó nach mbaineann;
2. I gcás inarb infheidhme, an líon iomlán comharthaí ríomh- airgid a thairgfear don phobal agus/nó a ligfear isteach chun a dtrádála ar ardán trádála le haghaidh criptea-shócmhainní;
3. I gcás inarb infheidhme, ainm an ardáin trádála le haghaidh criptea-shócmhainní ina bhfuiltear ag iarraidh go ligfí isteach iad i dtrádáil comharthaí ríomh- airgid.
4. An dlí is infheidhme maidir le comharthaí ríomh- airgid a thairiscint don phobal, chomh maith leis na cúirteanna inniúla.

Cuid D: Na cearta agus na hoibleagáidí a bhaineann le comharthaí ríomh- airgid

1. Tuairisc mhionsonraithe ar chearta agus ar oibleagáidí (más ann dóibh) shealbhóir an chomhartha ríomh- airgid, lena n- áirítear an ceart chun fuascailte ag parluach chomh maith leis an nós imeachta chun na cearta sin a fheidhmiú agus na coinníollacha lena mbaineann;

2. Aon táille ghaolmhar arna cur i bhfeidhm ag an eisitheoir comharthaí ríomh- airgid i gcás ina bhfeidhmíonn an sealbhóir comharthaí ríomh- airgid an ceart chun fuascailte ag parluach;

Cuid E: Faisnéis maidir leis an teicneolaíocht bhunúsach

1. Faisnéis maidir leis an teicneolaíocht a úsáidtear, lena n- áirítear an teicneolaíocht mórleabhar dáilte, na prótacail agus na caighdeáin theicniúla atá in úsáid, chun comharthaí ríomh- airgid den sórt sin a choimeád i seilbh, a stóráil agus a aistriú;
2. Tuairisc ar idir- inoibritheacht an phrotacail fhorluitigh le prótacail eile;
3. An t- algartam comhthola, i gcás inarb infheidhme;
4. Sásraí dreasachta chun idirbhearta a urrú agus aon táille is infheidhme;
5. I gcás ina ndéantar na cripteá-shócmhainní a eisiúint, a aistriú agus a stóráil ar mhórleabhar dáilte arna oibriú ag an eisitheoir nó ag tríú páirtí a ghníomhaíonn ar a shon, tuairisc mhionsonraithe ar fheidhmiú an mhórleabhair dháilte sin;
6. Faisnéis ar thoradh iniúchta na teicneolaíochta a úsáidtear (más ann di);

Cuid F: Rioscaí

1. Tuairisc ar na rioscaí a bhaineann le heisitheoir comharthaí ríomh- airgid;
2. Tuairisc ar na rioscaí a bhaineann leis na comharthaí ríomh- airgid;
3. Tuairisc ar na rioscaí a bhaineann leis an teicneolaíocht a úsáidtear chomh maith le bearta maolaithe (más ann dóibh).

Iarscríbhinn IV – Na híosccheanglais chaipitil do sholáthraithe seirbhísí cripteá-shócmhainní

Soláthraithe seirbhísí cripteá-shócmhainní	An cineál seirbhísí cripteá-shócmhainne	Na híosccheanglais chaipitil faoi Airteagal (1)(a)
Aicme 1	Soláthraí seirbhísí cripteá-shócmhainní atá údaraithe le haghaidh na seirbhísí cripteá-shócmhainní seo a leanas: – orduithe thar ceann tríú páirtithe a ghlacadh agus a tharchur; agus/nó – comhairle a thabhairt maidir le cripteá-shócmhainní; agus/nó – orduithe a fhorghníomhú thar ceann tríú páirtithe; agus/nó – cripteá-shócmhainní a shocrú.	EUR 50 000
Aicme 2	Soláthraí seirbhísí cripteá-shócmhainní atá údaraithe le haghaidh aon seirbhísí cripteá-shócmhainní faoi aicme	EUR 125 000

	1 agus: – cripteá-shócmhainní a chumhdach agus a riar ar son tríú páirtithe.	
Aicme 3	Soláthraí seirbhísí cripteá-shócmhainní atá údaraithe le haghaidh aon seirbhísí cripteá-shócmhainní faoi aicme 2 agus: – cripteá-shócmhainní a mhalartú le haghaidh airgeadra fiat ar dlíthairiscint é; – cripteá-shócmhainní a mhalartú le haghaidh cripteá-shócmhainní eile; – ardán trádála le haghaidh cripteá-shócmhainní a oibriú.	EUR 150 000

**Iarscríbhinn V – Liosta de na sáruithe dá dtagraítear i dTeideal III agus Teideal VI le
haghaidh eisitheoirí comharthaí sócmhainn- tagartha suntasacha**

1. Sáraíonn an t- eisitheoir Airteagal 21 mura dtugann sé fógra do ÚBE faoi athrú ar bith ar a shamhail ghnó ar cosúil go mbeidh tionchar suntasach aici ar chinneadh ceannaigh aon sealbhóra iarbhir nó sealbhóra ionchais de chomharthaí sócmhainn- tagartha suntasacha, nó mura dtugann sé/sí tuairisc ar athrú den sórt sin i bpáipéar bán maidir le criptea-shócmhainní.
2. Sáraíonn an t- eisitheoir Airteagal 21 mura gcloíonn sé le beart arna iarraidh ag ÚBE i gcomhréir le hAirteagal 21(3).
3. Sáraíonn an t- eisitheoir Airteagal 23(1), pointe (a) mura ngníomhaíonn sé ar bhealach macánta, cothrom agus gairmiúil.
4. Sáraíonn an t- eisitheoir Airteagal 23(1), pointe (b) mura ndéanann sé cumarsáid le sealbhóirí comharthaí sócmhainn- tagartha suntasacha ar bhealach cothrom agus soiléir, nach bhfuil míthreorach.
5. Sáraíonn an t- eisitheoir Airteagal 23(2) mura ngníomhaíonn sé chun leasa sealbhóirí comharthaí sócmhainn- tagartha suntasacha, nó más rud é go dtugann sé cóir fhabhrach do shealbhóirí sainsiúla, nach nochtar i bpáipéar bán an eisitheora
6. Sáraíonn an t- eisitheoir Airteagal 24, mura bhfoilsíonn sé ar a shuíomh gréasáin a pháipéar bán maidir le criptea-shócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 19(1) agus, i gcás inarb infheidhme, a pháipéar bán modhnaithe maidir le criptea-shócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 21 agus a chumarsáid mhargaíochta dá dtagraítear in Airteagal 25.
7. Sáraíonn an t- eisitheoir Airteagal 24 mura gcuireann sé na páipéir bhána ar fáil don phobal roimh an dáta tosaigh a thairgfear na comharthaí sócmhainn- tagartha suntasacha don phobal nó an dáta a ligfear na comharthaí sin isteach chun a dtrádála ar ardán trádála le haghaidh criptea-shócmhainní.

8. Sáraíonn an t- eiseitheoir Airteagal 24 mura gcuireann sé an páipéar bán maidir le cripteas-shócmhainní agus an chumarsáid mhargaíochta ar fáil chomh fada agus a bheidh na comharthaí sócmhainn- tagartha suntasacha i seilbh an phobail.
9. Sáraíonn an t- eiseitheoir Airteagal 25(1) trí chumarsáid mhargaíochta a fhoilsiú, ar cumarsáid í a bhaineann le comharthaí sócmhainn- tagartha suntasacha a thairiscint don phobal, nó a bhaineann le comharthaí sócmhainn- tagartha suntasacha den sórt sin a ligean isteach chun a dtrádála ar ardán trádála le haghaidh cripteas-shócmhainní, ach nach gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 25(1), pointí (a) go (d) léi;
10. Mura dtugtar éileamh díreach nó ceart fuascailte do shealbhóirí uile na gcomharthaí sócmhainn- tagartha suntasacha, beidh Airteagal 25(2) á shárú ag an eiseitheoir mura dtugann sé ráiteas soiléir gan athbhrí ina chuid cumarsáide margaíochta nach féidir le sealbhóirí comharthaí den sórt sin éileamh a dhéanamh ar na cúlsócmhainní ná na comharthaí sin a fhuascailt leis an eiseitheoir ag aon tráth;
11. Sáraíonn an t- eiseitheoir Airteagal 26(1) mura ndéanann sé méid na gcomharthaí sócmhainn- tagartha suntasacha atá i gcúrsaíocht agus luach agus comhdhéanamh na gcúlsócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 32 a nochtadh, gach mí ar a laghad agus/nó ar bhealach soiléir, cruinn agus trédhearcach ar a shuíomh gréasáin.
12. Sáraíonn an t- eiseitheoir Airteagal 26(2) mura nochtann sé toradh an iniúchta ar na cúlsócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 32 ar a shuíomh gréasáin a luaithe is féidir agus/nó ar bhealach atá soiléir, cruinn agus trédhearcach.
13. Sáraíonn an t- eiseitheoir Airteagal 26(3) mura nochtann sé eachtra ar bith a bhfuil tionchar suntasach aige, nó ar cosúil go mbeidh tionchar suntasach aige, ar luach na comharthaí sócmhainn- tagartha suntasacha nó na gcúlsócmhainní, ar bhealach atá soiléir, cruinn agus trédhearcach a luaithe is féidir.
14. Sáraíonn an t- eiseitheoir Airteagal 27(1) mura mbunaíonn sé agus/nó nach gcoinníonn sé nósanna imeachta éifeachtacha agus trédhearcacha chun gearáin a fhaightear ó shealbhóirí comharthaí sócmhainn- tagartha suntasacha a láimhseáil ar bhealach pras, cothrom agus comhsheasmhach, nó mura gcuireann sé nósanna imeachta ar bun chun láimhseáil gearán a éascú idir sealbhóirí agus eintitis tríú páirtí dá dtagraítear in Airteagal 30(5), pointe (h).
15. Sáraíonn an t- eiseitheoir Airteagal 27(2), mura gcuireann sé ar chumas sealbhóirí comharthaí sócmhainn- tagartha suntasacha gearáin a dhéanamh saor in aisce.
16. Sáraíonn an t- eiseitheoir Airteagal 27(3), mura bhforbraíonn sé agus/nó nach soláthraíonn sé teimpléad chun gearáin a dhéanamh do shealbhóirí comharthaí

sócmhainn- tagartha suntasacha agus/nó mura gcoinníonn sé taifead ar na gearáin go léir a fuarthas agus aon bhearta a rinneadh mar fhreagairt ar na gearáin sin.

17. Sáraíonn an t- eiseitheoir Airteagal 27(4), mura ndéanann sé na gearáin go léir a imscrúdú ar bhealach tráthúil agus cothrom agus/nó mura gcuireann sé torthaí aon imscrúduithe den sórt sin in iúl do shealbhóirí a gcomharthaí sócmhainn- tagartha suntasacha laistigh de thréimhse ama réasúnta.
18. Sáraíonn an t- eiseitheoir Airteagal 28(1), mura gcoinníonn agus nach bhfeidhmíonn sé beartais agus nósanna imeachta éifeachtacha chun coinbhleachtaí leasa a chosc, a aithint, a bhainistiú agus a nochtadh, idir an t- eiseitheoir féin agus a scairshealbhóirí, comhaltaí a chomhlachta bainistíochta, a fhostaithe, agus aon duine nádúrtha a bhfuil níos mó ná 20 % de scairchaipiteal nó cearta vótála an eiseitheora faoina úinéireacht, go díreach nó go hindíreach, nó a fheidhmíonn, ar mhodh ar bith eile, cumhacht rialaithe ar an eiseitheoir sin, na sealbhóirí comharthaí sócmhainn- tagartha suntasacha, aon tríú páirtí a sholáthraíonn ceann de na feidhmeanna dá dtagraítear in Airteagal 30(5), pointe (h), nó aon duine nádúrtha nó duine dlítheanach ar tugadh éileamh díreach nó cearta fuascailte dó/di i gcomhréir le hAirteagal 35(3).
19. Sáraíonn an t- eiseitheoir Airteagal 28(1) mura nglacann sé na céimeanna iomchuí uile chun coinbhleachtaí leasa a eascraíonn as bainistiú agus infheistiú na gcúlsócmhainní a chosc, a aithint, a bhainistiú agus a nochtadh.
20. Sáraíonn an t- eiseitheoir Airteagal 28, ailt (2) go (4), mura nochtann sé do shealbhóirí comharthaí sócmhainn- tagartha suntasacha cineál ginearálta agus foinsí na gcoinbhleachtaí leasa agus na céimeanna arna nglacadh chun na rioscaí sin a mhaolú, nó más rud é go ndéanann sé an nochtadh sin ar mheán marthanach, nó mura raibh sé beacht go leor agus an nochtadh á dhéanamh chun sealbhóirí comharthaí sócmhainn- tagartha suntasacha a chumasú chun cinneadh ceannaigh eolach a dhéanamh maidir le comharthaí den sórt sin.
21. Sáraíonn an t- eiseitheoir Airteagal 29, mura dtugann sé fógra do ÚBE maidir le haon athrú ar a chomhlacht bainistíochta.
22. Sáraíonn an t- eiseitheoir Airteagal 30(1) mura bhfuil socruithe daingne rialachais aige, lena n- áirítear struchtúr soiléir eagraíochtúil a mbeidh freagrachtaí dea- shainithe, trédhearcacha agus comhsheasmhacha ann, próisis éifeachtacha chun rioscaí a bhfuil sé neamhchosanta orthu nó a bhféadfadh sé a bheith neamhchosanta orthu a shainaithint, a bhainistiú, a thuairisciú agus faireachán a dhéanamh orthu, mar aon le sásraí leordhóthanacha um rialú inmheánach, lena n- áirítear nósanna imeachta fóna ó thaobh an riaracháin agus na cuntasáíochta de.
23. Sáraíonn an t- eiseitheoir Airteagal 30(2) más rud é go bhfuil comhaltaí dá chomhlacht bainistíochta nach bhfuil dea- chlú orthu agus nach bhfuil inniúil, ó

thaobh cáilíochtaí, taithí agus scileanna de, chun a gcuid dualgas a chomhlíonadh nó chun bainistiú fónta agus stuama an eisitheora a áirithiú.

24. Sáraíonn an t- eiseitheoir Airteagal 30(5) mura nglacann sé beartais agus beartais nós imeachta nach bhfuil éifeachtach a ndóthain chun comhlíonadh an Rialacháin seo a áirithiú, lena n- áirítear forálacha uile an Teidil seo a bheith á gcomhlíonadh ag a bhainisteoirí agus a fhostaithe, lena n- áirítear mura ndearnadh aon cheann de na beartais agus nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 30(5), pointí (a) go (k) a chur ar bun, a choinneáil agus a chur chun feidhme;
25. Sáraíonn an t- eiseitheoir Airteagal 30(5) mura gcuireann sé socruithe conarthacha ar bun, agus nach gcoinníonn sé ar bun iad, le heintitis tríú páirtí dá dtagraítear in Airteagal 30(5), pointe (h), lena leagtar síos go beacht ról, freagrachtaí, cearta agus oibleagáidí gach ceann de na heintitis tríú páirtí agus an eisitheora, nó trí fhoráil a dhéanamh do rogha dlí gan débhrí le haghaidh conarthaí den sórt sin a mbíonn impleachtaí trasdlínse acu.
26. Murar thionscain sé plan dá dtagraítear in Airteagal 42, tá Airteagal 30(6) á shárú ag an eiseitheoir, mura bhfuil córais, acmhainní nó nósanna imeachta iomchuí agus comhréireacha i bhfeidhm aige chun feidhmiú leanúnach agus rialta a chuid seirbhísí agus gníomhaíochtaí a áirithiú, nó mura gcoinníonn sé a chórais agus a phrótacail rochtana slándála uile ar chaighdeán iomchuí an Aontais.
27. Sáraíonn an t- eiseitheoir Airteagal 30(7) mura ndéanann sé foinsí riosca oibríochtúil a shainaithint nó nach ndéanann sé na rioscaí sin a íoslaghdú trí chórais, rialuithe agus nósanna imeachta iomchuí a fhorbairt.
28. Sáraíonn an t- eiseitheoir Airteagal 30(8) mura gcuireann sé beartas um leanúnachas gnó ar bun a áirithiú, i gcás go gcuirtear isteach ar a chórais agus a nósanna imeachta, go gcaomhnaítear sonraí agus feidhmeanna riachtanacha agus go gcothaítear a chuid gníomhaíochtaí, nó, i gcás nach féidir é sin a dhéanamh, chun athshlánú tráthúil na sonraí agus na bhfeidhmeanna sin agus atosú tráthúil a ghníomhaíochtaí a áirithiú.
29. Murar tugadh cead dó méid níos lú cistí dílse a choimeád i gcomhréir le hAirteagal 31(3), sáraíonn an t- eiseitheoir Airteagal 31(1), pointe (a) nó Airteagal 41(4) mura gcloíonn sé, i gcónaí, leis an gceanglas maidir le cistí dílse.
30. Sáraíonn an t- eiseitheoir Airteagal 31(2) i gcás nach gcuimsítear ina chistí dílse ítimí agus ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 dá dtagraítear in Airteagail 26 go 30 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 tar éis na n-asbhaintí go léir, de bhun Airteagal 36 den Rialachán sin, gan díolúintí tairsí dá dtagraítear in Airteagail 46 agus 48 den Rialachán sin a chur i bhfeidhm.

31. Sáraíonn an t- eiseitheoir Airteagal 31(3) mura gcloíonn sé leis an gceanglas maidir le cistí dílse a éilíonn an t- údarás inniúil, tar éis an mheasúnaithe arna dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 31(3).
32. Sáraíonn an t- eiseitheoir Airteagal 32(1) mura mbunaíonn sé agus mura gcothaíonn sé cúlchiste sócmhainní i gcónaí.
33. Sáraíonn an t- eiseitheoir Airteagal 32(3) mura n- áirithíonn a chomhlacht bainistíochta go ndéantar na cúlsócmhainní a bhainistiú ar bhealach éifeachtach agus stuama.
34. Sáraíonn an t- eiseitheoir Airteagal 32(3) mura n- áirithíonn sé go ndéantar cruthú agus scriosadh comharthaí sócmhainn- tagartha suntasacha a mheaitseáil le méadú nó laghdú comhfhreagrach ar na cúlsócmhainní i gcónaí agus go ndéantar méadú nó laghdú den sórt sin a bhainistiú go leordhóthanach d'fhonn tionchar tromchúiseach ar mhargadh na gcúlsócmhainní a sheachaint.
35. Sáraíonn an t- eiseitheoir Airteagal 32(4), mura bhfuil beartais shoiléire agus/nó mhionsonraithe aige maidir le sásra cobhsaíochta comharthaí den sórt sin nach gcomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 32(4), pointí (a) go (g).
36. Sáraíonn an t- eiseitheoir Airteagal 32(5) mura dtugann sé sainordú chun iniúchóireacht neamhspleách a dhéanamh ar na cúlsócmhainní gach 6 mhí, ó dháta a údaraithe.
37. Sáraíonn an t- eiseitheoir Airteagal 33(1) mura ndéanann sé beartais cumhdaigh, nósanna imeachta agus socruithe conarthacha a chur ar bun, a choinneáil nó a chur chun feidhme chun a áirithiú i gcónaí go gcomhlíonfar na coinníollacha a liostaítear in Airteagal 33(1) pointí (a) go (d).
38. Sáraíonn an t- eiseitheoir Airteagal 33(1) mura bhfuil beartas cumhdaigh aige maidir le gach cúlchiste sócmhainní a bhainistíonn sé.
39. Sáraíonn an t- eiseitheoir Airteagal 33(2) i gcás nach bhfuil na cúlsócmhainní á gcumhdach ag soláthraí seirbhísí criptea-shócmhainní nó ag institiúid chreidmheasa tráth nach déanaí ná 5 lá gnó tar éis dháta eisiúna na gcomharthaí sócmhainn- tagartha suntasacha sin.
40. Sáraíonn an t- eiseitheoir Airteagal 33(3) mura bhfeidhmíonn sé gach scil, cúram, dícheall is iomchuí agus institiúidí creidmheasa agus soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní á roghnú, á gceapadh agus á n- athbhreithniú aige ina gcáil mar choimeádaithe na gcúlsócmhainní.

41. Sáraíonn an t- eiseitheoir Airteagal 33(3) mura n- áirithíonn sé go bhfuil an saineolas agus an clú margaidh is gá ag na hinstitiúidí creidmheasa agus soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní arna gceapadh mar choimeádaithe na gcúl sócmhainní sin.
42. Sáraíonn an t- eiseitheoir Airteagal 33(3) mura bhfuil socruithe conarthacha déanta aige leis na coimeádaithe chun a áirithiú go gcosnófar na cúl sócmhainní atá á gcumhdach i gcoinne éilimh ó chreidiúnaithe na gcoimeádaithe.
43. Sáraíonn an t- eiseitheoir Airteagal 33(3) mura bhfuil beartais agus nósanna imeachta cumhdaigh curtha ar bun aige ina leagtar amach na critéir roghnúcháin maidir le hinstitiúidí creidmheasa nó soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní a cheapadh mar choimeádaithe na gcúl sócmhainní agus/nó mura bhfuil nós imeachta curtha ar bun aige chun athbhreithniú a dhéanamh ar cheapacháin den sórt sin.
44. Sáraíonn an t- eiseitheoir Airteagal 33(3) mura ndéanann sé athbhreithniú ar cheapadh institiúidí creidmheasa nó soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní mar choimeádaithe na gcúl sócmhainní ar bhonn rialta, agus/nó mura ndéanann sé a nochtadh do choimeádaithe den sórt sin a mheasúnú, agus/nó mura ndéanann sé faireachán ar dhálaí airgeadais na gcoimeádaithe sin ar bhonn leanúnach.
45. Sáraíonn an t- eiseitheoir Airteagal 33(4) i gcás nach gcuirtear na cúl sócmhainní ar iontaoibh institiúidí creidmheasa nó soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní i gcomhréir le hAirteagal 33(4), pointí (a) go (d).
46. Sáraíonn an t- eiseitheoir Airteagal 33(5) i gcás nach dtugtar fianaise maidir le ceapadh coimeádaí le Conradh i scríbhinn, nó i gcás nach rialaíonn Conradh den sórt sin an sreabhadh faisnéise a mheastar a bhfuil gá leis ionas go mbeadh na heiseitheoirí, na hinstitiúidí creidmheasa agus na soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní ábalta a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh.
47. Sáraíonn an t- eiseitheoir Airteagal 34(1) más rud é go n- infheistíonn sé na cúl sócmhainní i dtáirgí nach ionstraimí airgeadais an- leachtach iad lena mbaineann riosca íosta margaidh agus creidmheasa nó i gcás nach féidir infheistíochtaí den sórt sin a leachtú go tapa agus an tionchar is lú is féidir ar an bpraghas.
48. Sáraíonn an t- eiseitheoir Airteagal 34(2) mura bhfuil na hionstraimí airgeadais ina bhfuil na cúl sócmhainní á gcumhdach ina sheilbh aige.
49. Sáraíonn an t- eiseitheoir Airteagal 34(3) mura n- iompraíonn sé na brabúis agus na caillteanais go léir a eascraíonn as infheistiú na gcúl sócmhainní.

50. Sáraíonn an t- eiseitheoir Airteagal 35(1), mura ndéanann sé beartais agus nósanna imeachta soiléire agus mionsonraithe a chur ar bun, a choinneáil agus a chur i bhfeidhm maidir leis na cearta a thugtar do shealbhóirí comharthaí sócmhainn- tagartha suntasacha.
51. I gcás ina dtugtar na cearta dá dtagraítear in Airteagal 35(1) do shealbhóirí comharthaí sócmhainn- tagartha suntasacha, sáraíonn an t- eiseitheoir Airteagal 35(2) mura gcuireann sé beartas ar bun lena gcomhlíontar na coinníollacha a liostaítear in Airteagal 35(2), pointí (a) go (e).
52. I gcás ina dtugtar na cearta dá dtagraítear in Airteagal 35(1) do shealbhóirí comharthaí sócmhainn- tagartha suntasacha, sáraíonn an t- eiseitheoir Airteagal 35(2) mura ndéanann sé foráil do tháillí atá cionmhar agus i gcomhréir leis na costais iarbhir arna dtabhú ag eiseitheoirí comharthaí sócmhainn- tagartha suntasacha.
53. I gcás nach dtugann an t- eiseitheoir cearta dá dtagraítear in Airteagal 35(1) do shealbhóirí uile comharthaí sócmhainn- tagartha suntasacha, sáraíonn an t- eiseitheoir sin Airteagal 35(3) mura gcuireann sé beartas ar bun ina sonraítear na daoine nádúrtha nó daoine dlítheanacha sin a dtugtar cearta den sórt sin dóibh, nó mura sonraíonn sé na coinníollacha a bhaineann leis na cearta sin a fheidhmiú, nó na hoibleagáidí arna bhforchur ar na daoine sin.
54. I gcás nach dtugann an t- eiseitheoir cearta dá dtagraítear in Airteagal 35(1) do shealbhóirí uile comharthaí sócmhainn- tagartha suntasacha, sáraíonn an t- eiseitheoir sin Airteagal 35(3) mura gcuireann sé socruithe conarthacha iomchuí ar bun, nó nach gcoinníonn sé iad, leis na daoine nádúrtha nó daoine dlítheanacha sin a dtugtar cearta den sórt sin dóibh, nó mura ndéanann sé socruithe conarthacha ina leagtar amach ról, freagrachtaí, cearta agus oibleagáidí na n- eiseitheoirí agus gach duine de na daoine nádúrtha nó daoine dlítheanacha sin, nó mura soláthraíonn sé rogha dlí gan débhrí le haghaidh socruithe conarthacha den sórt sin a mbíonn impleachtaí trasteorann acu.
55. I gcás nach dtugann an t- eiseitheoir na cearta dá dtagraítear in Airteagal 35(1) do shealbhóirí uile na gcomharthaí sócmhainn- tagartha suntasacha, sáraíonn an t- eiseitheoir sin Airteagal 35(4) mura gcuireann sé sásra ar bun chun leachtacht na gcomharthaí sócmhainn- tagartha suntasacha a áirithiú.
56. I gcás nach dtugann an t- eiseitheoir na cearta dá dtagraítear in Airteagal 35(1) do shealbhóirí uile na gcomharthaí sócmhainn- tagartha suntasacha, sáraíonn an t- eiseitheoir sin Airteagal 35(4) mura gcuireann sé socruithe i scríbhinn ar bun agus nach gcoinníonn sé iad, nó mura n- áirithíonn sé go gceanglaítear ar líon leordhóthanach soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní luachana daingne a chur ar fáil ar phraghas iomaíoch ar bhonn rialta agus intuatha.
57. I gcás nach dtugann an t- eiseitheoir na cearta dá dtagraítear in Airteagal 35(1) do shealbhóirí uile comharthaí sócmhainn- tagartha suntasacha, sáraíonn an t- eiseitheoir sin Airteagal 35(4) mura n- áirithíonn sé fuascailt dhíreach comharthaí

sócmhainn- tagartha suntasacha den sórt sin i gcás luaineacht shuntasach i luach na gcomharthaí sócmhainn- tagartha suntasacha nó na gcúlsócmhainní, nó mura gcuireann sé táillí i bhfeidhm atá cionmhar agus i gcomhréir leis na costais iarbhír arna dtabhú i ndáil le fuascailt den sórt sin.

58. I gcás nach dtugann an t- eiseitheoir na cearta dá dtagraítear in Airteagal 35(1) do shealbhóirí uile comharthaí sócmhainn- tagartha suntasacha, sáraíonn an t- eiseitheoir sin Airteagal 35(4) mura ndéanann sé socruithe conarthacha a chur ar bun agus a choinneáil ar bun chun a áirithiú go n- íocfar fáлтаis na gcúlsócmhainní le sealbhóirí na gcomharthaí sócmhainn- tagartha suntasacha, i gcás ina gcinneann an t- eiseitheoir an t- oibriúchán a scor nó i gcás inar cuireadh é faoi chlabhsúr ordúil, nó i gcás gur baineadh a údarú.
59. Sáraíonn an t- eiseitheoir Airteagal 36 trí fhoráil a dhéanamh do leasanna nó aon tairbhíú eile a bhaineann leis an achar ama ina bhfuil na comharthaí sócmhainn- tagartha suntasacha ina sheilbh ag sealbhóir comharthaí sócmhainn- tagartha suntasacha den sórt sin.
60. Sáraíonn an t- eiseitheoir Airteagal 41(1) mura ndéanann sé beartas luacha saothair a ghhlacadh, a chur chun feidhme agus a chothabháil, beartas ina gcuirtear bainistiú riosca fóna agus éifeachtach chun cinn i leith eiseitheoirí den sórt sin agus nach gcruthaítear dreasachtaí leis chun caighdeáin riosca a mhaolú.
61. Sáraíonn an t- eiseitheoir Airteagal 41(2) mura n- áirithíonn sé gur féidir le soláthraithe éagsúla seirbhísí criptea-shócmhainní atá údaraithe don tseirbhís dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointe (10) a chuid comharthaí sócmhainn- tagartha suntasacha a chumhdach ar bhonn cothrom, réasúnach agus neamh- idirdheallaitheach.
62. Sáraíonn an t- eiseitheoir Airteagal 41(2) mura ndéanann sé measúnú agus faireachán ar na riachtanais leachtacha chun freastal ar iarrachtaí fuascailte nó ar fheidhmiú ceart, dá dtagraítear in Airteagal 36, na sealbhóirí comharthaí sócmhainn- tagartha suntasacha.
63. Sáraíonn an t- eiseitheoir Airteagal 41(3) mura ndéanann sé beartas agus nósanna imeachta maidir le bainistiú leachtachta a chur ar bun, a choinneáil nó a chur chun feidhme nó mura bhfuil beartas agus nósanna imeachta aige lena n- áirithítear go bhfuil próifíl leachtachta athléimneach ag na cúlsócmhainní, lena gcuirtear ar chumas an eiseitheora comharthaí sócmhainn- tagartha suntasacha leanúint ar aghaidh ag feidhmiú mar is gnáth, lena n- áirítear i gcásanna ina bhfuil an leachtacht faoi strus.
64. Sáraíonn an t- eiseitheoir Airteagal 42(1) mura bhfuil plan ar bun aige atá iomchuí chun tacú le clabhsúr ordúil a gcuid gníomhaíochtaí faoin dlí náisiúnta is infheidhme, nó mura bhfuil plan aige a léiríonn cumas an eiseitheora comharthaí

sócmhainn- tagartha suntasacha chun tabhairt faoi chlabhsúr ordúil gan díobháil eacnamaíoch mhíchuí a dhéanamh do na sealbhóirí comharthaí sócmhainn- tagartha suntasacha nó do chobhsaíocht mhargaidh na gcúlsócmhainní.

65. Sáraíonn an t- eiseitheoir Airteagal 42(2) mura bhfuil plan aige lena gcuimsítear socrúithe conarthacha, nósanna imeachta agus córais chun a áirithiú go n- íocfar fáiltais ó dhíolachán na gcúlsócmhainní atá fágtha leis na sealbhóirí comharthaí sócmhainn- tagartha suntasacha.
66. Sáraíonn an t- eiseitheoir Airteagal 42(2) mura ndéanann sé an plan a athbhreithniú nó a nuashonrú go rialta.
67. Mura gcomhlíontar coinníollacha Airteagal 77(2), sáraíonn an t- eiseitheoir Airteagal 77(1) mura gcuireann sé an pobal ar an eolas a luaite is féidir faoi fhaisnéis ón taobh istigh, a bhaineann leis an eiseitheoir sin, ar bhealach ina gcuirfear ar chumas an phobail an fhaisnéis sin a rochtain ar bhealach éasca agus ina gcuirfear ar chumas an phobail an fhaisnéis sin a mheas ar bhealach iomlán, ceart agus pras.

Iarscríbhinn VI: Liosta de na sárúithe dá dtagraítear i dTeideal III le haghaidh eistitheoirí comharthaí ríomh- airgid suntasacha

1. Sáraíonn an t- eistitheoir Airteagal 33(1) mura ndéanann sé beartais cumhdaigh, nósanna imeachta agus socruithe conarthacha a chur ar bun, a choinneáil nó a chur chun feidhme chun a áirithiú i gcónaí go gcomhlíonfar na coinníollacha a liostaítear in Airteagal 33(1), pointí (a) go (d).
2. Sáraíonn an t- eistitheoir Airteagal 33(1) mura bhfuil beartas cumhdaigh aige maidir le gach cúlchiste sócmhainní a bhainistíonn sé.
3. Sáraíonn an t- eistitheoir Airteagal 33(2) i gcás nach bhfuil na cúlsócmhainní á gcumhdach ag soláthraí seirbhísí criptea-shócmhainní nó ag institiúid chreidmheasa tráth nach déanaí ná 5 lá gnó tar éis dháta eisiúna na gcomharthaí ríomh- airgid suntasacha sin.
4. Sáraíonn an t- eistitheoir Airteagal 33(3) mura bhfeidhmíonn sé gach scil, cúram, dícheall is iomchuí agus institiúidí creidmheasa agus soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní á roghnú, á gceapadh agus á n- athbhreithniú aige mar choimeádaithe na gcúlsócmhainní.
5. Sáraíonn an t- eistitheoir Airteagal 33(3) mura n- áirithíonn sé go bhfuil an saineolas agus an clú margaidh is gá ag na hinstitiúidí creidmheasa agus soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní arna gceapadh mar choimeádaithe na gcúlsócmhainní sin.
6. Sáraíonn an t- eistitheoir Airteagal 33(3) mura bhfuil socruithe conarthacha déanta aige leis na coimeádaithe chun a áirithiú go gcosnófar na cúlsócmhainní atá á gcumhdach i gcoinne éilimh ó chreidiúnaithe na gcoimeádaithe.
7. Sáraíonn an t- eistitheoir Airteagal 33(3) mura bhfuil beartais agus nósanna imeachta cumhdaigh curtha ar bun aige ina leagtar amach na critéir roghnúcháin maidir le hinstitiúidí creidmheasa nó soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní a cheapadh mar choimeádaithe na gcúlsócmhainní agus/nó mura bhfuil nós imeachta curtha ar bun aige chun athbhreithniú a dhéanamh ar cheapacháin den sórt sin.
8. Sáraíonn an t- eistitheoir Airteagal 33(3) mura ndéanann sé athbhreithniú ar cheapadh institiúidí creidmheasa nó soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní mar choimeádaithe na gcúlsócmhainní ar bhonn rialta, agus/nó mura ndéanann sé a nochtadh do choimeádaithe den sórt sin a mheasúnú, agus/nó mura ndéanann sé faireachán ar dhálaí airgeadais na gcoimeádaithe sin ar bhonn leanúnach.

9. Sáraíonn an t- eiseitheoir Airteagal 33(4) i gcás nach gcuirtear na cúlsócmhainní ar iontaoibh institiúidí creidmheasa nó soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní i gcomhréir le hAirteagal 33(4), pointí (a) go (d).
10. Sáraíonn an t- eiseitheoir Airteagal 33(5) i gcás nach dtugtar fianaise maidir le ceapadh coimeádaí le Conradh i scríbhinn, nó i gcás nach rialaíonn Conradh den sórt sin an sreabhadh faisnéise a mheastar a bhfuil gá leis ionas go mbeadh na heiseitheoirí agus na hinstiúidí creidmheasa agus na soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní ábalta a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh.
11. Sáraíonn an t- eiseitheoir Airteagal 34(1) más rud é go n- infheistíonn sé na cúlsócmhainní i dtáirgí nach ionstraimí airgeadais an- leachtacha iad lena mbaineann riosca íosta margaidh agus creidmheasa nó i gcás nach féidir infheistíochtaí den sórt sin a leachtú go tapa agus an tionchar is lú is féidir ar an bpraghas.
12. Sáraíonn an t- eiseitheoir Airteagal 34(2) mura bhfuil na hionstraimí airgeadais lena gcoinnítear na cúlsócmhainní atá á gcumhdach ina sheilbh aige, i gcomhréir le hAirteagal 33.
13. Sáraíonn an t- eiseitheoir Airteagal 34(3) mura n- iompraíonn sé na brabúis agus na caillteanais go léir a eascraíonn as infheistiú na gcúlsócmhainní.
14. Sáraíonn an t- eiseitheoir Airteagal 41(1) mura ndéanann sé beartas luacha saothair a ghlacadh, a chur chun feidhme agus a chothabháil, beartas ina gcuirtear bainistiú riosca fóna agus éifeachtach chun cinn i leith eiseitheoirí den sórt sin agus nach gcruthaítear dreasachtaí leis chun caighdeán riosca a mhaolú.
15. Sáraíonn an t- eiseitheoir Airteagal 41(2) mura n- áirithíonn sé gur féidir le soláthraithe éagsúla seirbhísí criptea-shócmhainní atá údaraithe don tseirbhís dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointe (10) a chuid comharthaí ríomh- airgid suntasacha a chumhdach ar bhonn cothrom, réasúnach agus neamh- idirdhealaitheach.
16. Sáraíonn an t- eiseitheoir Airteagal 41(3) mura ndéanann sé beartas agus nósanna imeachta maidir le bainistiú leachtachta a chur ar bun, a choinneáil nó a chur chun feidhme nó mura bhfuil beartas agus nósanna imeachta aige lena n- áirithítear go bhfuil próifíl leachtachta athléimneach ag na cúlsócmhainní, lena gcuirtear ar chumas an eiseitheora leanúint ar aghaidh ag feidhmiú mar is gnáth, lena n- áirítear i gcásanna ina bhfuil an leachtacht faoi strus.
17. Murar tugadh cead dó méid níos lú cistí dílse a choimeád i gcomhréir le hAirteagal 31(3), sáraíonn an t- eiseitheoir Airteagal 41(4) mura gcloíonn sé, i gcónaí, leis an gceanglas maidir le cistí dílse.

18. Sáraíonn an t- eiseitheoir Airteagal 31(2) i gcás nach gcuimsítear ina chistí dílse ítimí agus ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 dá dtagraítear in Airteagal 26 go hAirteagal 30 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 tar éis na n-asbhaintí go léir, de bhun Airteagal 36 den Rialachán sin, gan díolúintí tairsí dá dtagraítear in Airteagail 46 agus 48 den Rialachán sin a chur i bhfeidhm.
19. Sáraíonn an t- eiseitheoir Airteagal 31(3) mura gcloíonn sé leis an gceanglas maidir le cistí dílse a éilíonn an t- údarás inniúil, tar éis an mheasúnaithe arna dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 31(3).
20. Sáraíonn an t- eiseitheoir Airteagal 42(1) mura bhfuil plan ar bun aige atá iomchuí chun tacú le clabhsúr ordúil a gcuid gníomhaíochtaí faoin dlí náisiúnta is infheidhme, nó mura bhfuil plan aige a léiríonn cumas an eiseitheora comharthaí ríomh- airgid suntasacha chun tabhairt faoi chlabhsúr ordúil gan díobháil eacnamaíoch mhíchuí a dhéanamh do na sealbhóirí comharthaí ríomh- airgid suntasacha nó do chobhsaíocht mhargaidh na gcúlsócmhainní.
21. Sáraíonn an t- eiseitheoir Airteagal 42(2) mura bhfuil plan aige lena gcuimsítear socruithe conarthacha, nósanna imeachta agus córais chun a áirithiú go n- íocfar fáiltais ó dhíolachán na gcúlsócmhainní atá fágtha le sealbhóirí na comharthaí ríomh- airgid suntasacha.
22. Sáraíonn an t- eiseitheoir Airteagal 42(2) mura ndéanann sé an plan a athbhreithniú nó a nuashonrú go rialta.
23. Mura gcomhlíontar coinníollacha Airteagal 77(2), sáraíonn an t- eiseitheoir Airteagal 77(1) mura gcuireann sé an pobal ar an eolas a luaite is féidir faoi fhaisnéis ón taobh istigh, a bhaineann leis an eiseitheoir sin, ar bhealach ina gcuirfear ar chumas an phobail an fhaisnéis sin a rochtain ar bhealach éasca agus ina gcuirfear ar chumas an phobail an fhaisnéis sin a mheas ar bhealach iomlán, ceart agus pras.